RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Ba bhliain tábhachtach sna do sheirbhísí meabhair-shláinte na hÉireann í an bhliain 2007 mar gheall gurb í an chéad bhliain iomlán tar éis tús a chur le forálacha an Achta Meabhair-Shláinte ar fad i mí na Samhna 2006. Tugann an Tuarascáil Bhliantúil forbhreathnú ar na hathruithe suntasacha a tharla. Ina measc tá an córas athbhreithnithe uathoibríoch neamhspleách dóibh siúd a ghlactar isteach ar bhonn ainneonach, áiseanna d'othair chónaitheacha a chlárú agus rialacha um chóir leighis agus cóid cleachtais a thabhairt isteach.

Is é leas is fearr an dhuine an bunphrionsabal tríd síos an Achta Meabhair-Shláinte 2001. Is gnéithe lárnacha do sheirbhís meabhair-shláinte d'ardchaighdeán iad meas a bheith ar leasanna is fearr úsáideoirí na seirbhísí agus iad a chur chun cinn. Tá aitheantas ginearálta anois faoin tábhacht a bhaineann le húsáideoir na seirbhíse a bheith páirteach sna gnéithe ar fad de sheirbhísí meabhair-shláinte idir phleanáil agus soláthar seirbhíse, taighde agus rannpháirtíocht gníomhach i do phlean cúraim féin.

Is é an dúshlán atá romhainn ar fad anois ná an uaillmhian seo a chur i gcrích. Is pointe tosaigh tábhachtach é a chinntiú go bhfuil plean cúraim agus chóir leighis aonair ag gach duine le cur chuige téarnaimh mar bhunús aige, ina bhfuil úsáideoir na seirbhíse lánpháirteach, chun rannpháirtíocht úsáideoir na seirbhíse a chur chun cinn. Taispeánann tuarascáil Chigire na Seirbhísí Meabhair-Shláinte go bhfuil go leor ag teastáil chun é seo a bhaint amach.

Cuireann an Creat Caighdeáin do Sheirbhísí Meabhair-Shláinte a d'fhoilsigh an Coimisiúin Meabhair-Shláinte go luath i 2007 úsáideoir na seirbhíse sa lár. Tugann sé cinn den ocht dtéama bunús ar fáil do na caighdeáin atá timpeall ar agus ag imirt tionchar ar an úsáideoir seirbhíse ag pointe an tsoláthair meabhair-shláinte. Cuireann na caighdeáin úsáideoirí seirbhíse, a dteaghlaigh/a gcúramóirí ar an eolas faoin méid a mbeifeá ag súil leis ó sheirbhís meabhair-shláinte.

Tá dul chun cinn déanta maidir le foirne ildisciplíneacha meabhair-shláinte atá bunaithe sa phobal a fhorbairt, a chuireann raon cuimsitheach idirghabhálacha leighis, síceolaíoch agus sóisialta ar fáil i go leor réimsí laistigh de FSS. Nuair a bheidh na foirne meabhair-shláinte pobail forbartha go hiomlán beidh siad mar chnámh droma an tsoláthair seirbhísí d'úsáideoirí seirbhíse a bhfuil deacrachtaí meabhair-shláinte trom seasmhach orthu.

Léiríodh dóchas mór i 2007 go rachfaí i ngleic leis na moltaí a bhí i Vision for Change, beartas náisiúnta an rialtais ar mheabhair-shláinte, i 2007. Cé go n-admhaítear go bhfuil clár athraithe agus forbartha seacht go deich mbliana i gceist le Vision for Change, b'ábhar díomá agus buartha don Choimisiúin Meabhair-Shláinte é an easpa dul chun cinn i 2007. Bhí deis den scoth ann athrú suntasach a chur i gcrích laistigh de na seirbhísí meabhair-shláinte agus tús iomlán á chur leis an Acht Meabhair-Shláinte agus beartas meabhair-shláinte náisiúnta á fhoilsiú sa bhliain céanna. Is deis caillte é an easpa dul chun cinn maidir le Vision for Change a chur i gcrích. Tá na caighdeáin sa Chreat Caighdeáin do Sheirbhísí Meabhair-Shláinte in Éirinn agus na moltaí atá i Vision for Change i gcomhréir lena chéile go mór. Is spreagadh mór a bheidh sna caighdeáin sa Chreat Caighdeáin a chur i gcrích chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na moltaí i Vision for Change.

Déanann an tAcht Meabhair-Shláinte 2001 cearta daonna na ndaoine a mbaintear a gcuid saoirse uathu agus iad ag fáil cúraim agus cóir leighis do neamhord meabhrach a chur chun cinn agus a chosaint. Tá reachtaíocht ag teastáil go géar, de réir tuarascáil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí maidir le hAosaigh Shoghonta agus an Dlí, chun an leibhéal cosanta céanna a chur ar fáil do chearta daonna na ndaoine a bhfuil easpa inniúlachta orthu.

Chomh maith le béim a leagadh ar réimsí atá ina gcúis buartha maidir le cúram agus cóir leighis a sholáthar, tá faisnéis i dtuarascáil Chigireacht na Seirbhísí Meabhair-Shláinte maidir le forbairtí agus dul chun cinn laistigh de na seirbhísí meabhair-shláinte. Tugann an Coimisiúin Meabhair-Shláinte moladh dóibh siúd a bhí páirteach agus tá sé tiomanta chun feabhsú leanúnach sa chaighdeán a chur chun cinn laistigh de na seirbhísí meabhair-shláinte.

Caithfear aird ar leith a dhíriú ar dhá sainréimsí ar leith – is iad sin ná seirbhísí meabhair-shláinte do leanaí agus ógánaigh agus seirbhísí meabhair-shláinte do dhaoine a bhfuil míchumas intleachta orthu. Admhaítear go forleathan go bhfuil riachtanas ann na sainsheirbhísí meabhair-shláinte seo a fhorbairt in Éirinn, ach go dtí seo is beag dul chun cinn atá déanta. I 2008 beidh an Coimisiúin Meabhair-Shláinte ag díriú ar an dá réimse seo den soláthar seirbhísí meabhair-shláinte.

Tháinig téarma cúig bhliana chun críche do na céad bhaill den Choimisiúin Meabhair-Shláinte ar an 5 Aibreán 2007. Bhunaigh na baill seo den Choimisiún an Coimisiúin Meabhair-Shláinte mar eagraíocht neamhspleách le prionsabail, atá

tiomanta go díograiseach chun oibriú i dtreo a dhéanamh cinnte go bhfuil seirbhísí meabhair-shláinte d'ardchaighdeán ar fáil dá úsáideoirí. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh leis na hiar-bhaill den Choimisiún as ucht na hoibre den scoth a rinne siad agus aitheantas a thabhairt don mhórghníomh seo. Níl dabht ar bith orm ach go leanfaidh na baill reatha den Choimisiúin Meabhair-Shláinte ar aghaidh ag tógáil ar an gclár seo chun seirbhís meabhair-shláinte nua-aimseartha d'ardchaighdeán. Is mian liom buíochas a ghlacadh le baill an Choimisiúin as ucht a gcuid tacaíochta agus comhairle ón uair a ceapadh iad.

Ní fhéadfaí obair an Choimisiúin a dhéanamh murach scileanna agus tacaíocht a fháil óna Fheidhmeannacht. Tháinig méadú suntasach ar an ualach oibre i 2007 agus tús á chur leis na Binsí Meabhair-Shláinte agus clárú na n-ionad formheasta ar an 1 Samhain 2006. D'éirigh leis an bhFeidhmeannacht na dúshláin seo a shárú le díograis agus dea-thoil. Léiríonn tuarascáil na Cigireachta an obair leanúnach atá ar bun ag an gCigire Gníomhach, an Dr. Susan Finnerty, agus foireann na gCigirí Cúnta. Ar deireadh, is mian leis an gCoimisiún a bhuíochas a chur in iúl as ucht ceannaireacht a phríomhfheidhmeannaigh, an tUas. Brid Clarke, a bhunaigh agus a choinnigh eagraíocht thar a bheith gairmiúil lena díograis agus lena cumas.

An Dr. Edmond O’Dea
Cathaoirleach

RÉAMHRÁ – PRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

Tá áthas orm an séú Tuarascáil Bhliantúil den Choimisiún Meabhair-Shláinte a chur i láthair, lena n-áirítear tuarascáil Chigire na Seirbhísí Sláinte, don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2007, de bhun Ailt 42, an tAcht Meabhair-Shláinte 2001.

Ba bhliain dhúshlánach a bhí sa bhliain 2007 dóibh siúd ar fad a raibh baint acu leis na seirbhísí meabhair-shláinte os rud é gur cuireadh i bhfeidhm forálacha an Achta 2001. Thug na páirtithe leasmhara laistigh de na seirbhísí meabhair-shláinte faoi chlár leathan oibre agus athraithe i rith na bliana 2007. Ní fhéadfaí an t-athchóiriú laistigh de na seirbhísí meabhair-shláinte a bhaint amach murach tiomantas na ndaoine ar fad sna seirbhísí meabhair-shláinte in Éirinn.

Tá go leor aird dírithe ar an gcóras athbhreithnithe uathoibríoch neamhspleách nua d'othair ainneonacha. I 2007, glacadh 1,503 isteach go hainneonach agus rinneadh athghrádú ar 623 duine a bhíodh ag fáil cóir leighis ar bhonn deonach go stádas an othair ainneonach. Ba laghdú 25% é seo ar líon na ndaoine a glacadh isteach ar bhonn ainneonach nó a ndearnadh athghrádú orthu faoi fhorálacha an Achta Cóireála Meabhair-Ghalar 1945 i 2005. Is laghdú suntasach é seo, ach mar a thugann an Tuarascáil Bhliantúil le fios, tá anailís bhreise ar na cúiseanna a bhí taobh thiar den laghdú seo ag teastáil agus déanfaidh an Coimisiúin Meabhair-Shláinte é seo.

Déanann an tAcht Meabhair-Shláinte 2001 foráil chun clárú/ceadúnú a dhéanamh ar áiseanna d'othair chónaitheacha a chuireann cúram agus cóir leighis ar fáil do dhaoine a bhfuil meabhair-ghalar nó neamhord meabhrach orthu. Faoi dheireadh na bliana 2007, bhí 61 áis cláraithe ann (ar a dtugtar ionaid formheasta). Seo an chéad uair go ndearnadh córas ceadúnaithe reachtúil a thabhairt isteach sna seirbhísí sláinte in Éirinn. Tá an fhianaise reatha ar thionchar na n-idirghabhálacha atá deartha chun feidhmíocht agus caighdeáin an chúraim a fheabhsú i bhfabhar cur chuige reachtúil freagrúil a ghlacadh. Cuireann cur chuige mar seo, a bhíonn ag freagairt ar chomhthéacs, iompar agus cultúr atá acu siúd a bhfuil rialú á dhéanamh orthu, ar chumas an rialaitheora freagairt chéimnithe a dhéanamh, ó áitiú a dhéanamh agus luaíochtaí a úsáid go ceadúnais a dhiúltú nó a aisghairm. Tá an Coimisiúin Meabhair-Shláinte ag déanamh monatóireachta ar phleananna gnímh mionsonraithe a chuir na soláthróirí seirbhíse meabhair-shláinte isteach mar chuid den phróiseas rialála.

Cuirtear seirbhísí meabhair-shláinte ar fáil i réimse leathan suíomhanna, le béim ar idirghabhálacha speisialtóireachta bunaithe sa phobal atá ag dul i méid. Tugann an Creat Caighdeáin ar Sheirbhísí Meabhair-Shláinte, a sheol an Coimisiúin Meabhair-Shláinte go luath i 2007 léiriú ar na caighdeáin cúraim agus cóir leighis a chinnteoidh go gcuirfear seirbhísí meabhair-shláinte nua-aimseartha, cuimsitheacha atá dírithe ar úsáideoir na seirbhíse.

Rinneadh faisnéis agus oiliúint a aithint mar ghnéithe ríthábhachtacha chun cláir athraithe a éascú. Lean an Coimisiúin Meabhair-Shláinte ar aghaidh ag déanamh infheistíochta sa dá réimse seo i 2007 lena n-áirítear comhdháil bhliantúil an Choimisiúin Meabhair-Shláinte a eagrú i mí na Samhna. Beidh anailís ar riachtanais oiliúna a chur pearsanra a bhfuil baint acu sa chóras athbhreithnithe neamhspleách d'othair coinnithe mar fhoinse fhaisnéise do thosaíochtaí faisnéise agus oiliúna an Choimisiúin Meabhair-Shláinte i 2008.

Ón uair a bunaíodh é i 2002, tá naisc comhoibríocha sárluachmhara déanta ag an gCoimisiún le go leor daoine agus eagraíochtaí laistigh agus lasmuigh de sheirbhísí meabhair-shláinte. Ba mhaith liom ár mbuíochas a chur in iúl dóibh as ucht a gcuid comhairle, treoracha agus tacaíochta i 2007. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Rannóg Meabhair-Shláinte, an Roinn Sláinte agus Leanaí as ucht a gcuid tacaíochta agus cúnaimh leanúnach. I mí Aibreáin 2007 ceapadh an dara Coimisiún. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le baill an Choimisiúin Meabhair-Shláinte as ucht a gcuid comhairle agus spreagadh leanúnach. Bheadh obair na Feidhmeannachta i bhfad níos deacra murach na tacaíochta seo.

Cuireadh obair an Choimisiúin Meabhair-Shláinte mar a dhéantar cur síos air sa tuarascáil seo do 2007 i gcrích de bharr tiomantas, díograis agus solúbthacht na ndaoine ar fad atá ag obair san eagraíocht. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le gach duine laistigh den fhoireann Feidhmeannachta sa Choimisiún Meabhair-Shláinte.

Bríd Clarke
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

BAILL AN CHOIMISIÚIN (Aibreán 2007–2012) (Ag Uair a gCeaptha)

An Dr. Edmond O'Dea
Cathaoirleach
Síceolaí Príomhúil
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Thiar

An tUas. Brendan Byrne
Stiúrthóir Altranais
Seirbhísí Meabhair-Shláinte Cheatharlach/Chill Chainnigh

An tUas. Emile Daly
Abhcóide

An tUas. Marie Devine
Bodywhys

An Dr. Brendan Doody
Síciatraí Sainchomhairleach Leanaí
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Bhaile Átha Cliath Laighean Láir

An tUas. Padraig Heverin
Bainisteoir Altra Cliniciúil II
Seirbhísí Meabhair-Shláinte Mhaigh Eo

An Dr. Martina Kelly
Dochtúir Ginearálta

An Dr. Mary Keys
Léachtóir
OÉ Gaillimh

An Dr. Eamonn Moloney
Síciatraí Sainchomhairleach
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Theas

An tUas. John Redican
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Irish Advocacy Network

An tUas. Martin Rogan
Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta – Meabhair-Shláinte
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

An tUas. John Saunders
Stiúrthóir Náisiúnta
Cumann Scitsifréine na hÉireann

An tUas. Vicki Somers
Príomh-Oibrí Sóisialta Meabhair-Shláinte
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Seirbhísí Meabhair-Shláinte Chill Dara/Cill Mhantáin Thiar

Chuir na baill den Choimisiún a ceapadh i 2002 a gcuid téarmaí oifige i gcrích i mí Aibreáin 2007. B'iad seo: An Dr. John Owens (Cathaoirleach), an Dr. Anne Byrne Lynch, an tUas. Joe Casey, an tUas. Gerry Coone, an tUas. Padraig Heverin, an tUas. Diarmaid McGuinness,
An Dr. Deirdre Murphy (Nach maireann), an Dr. Finbarr O'Leary, an tUas. Diarmuid Ring, an tUas. Annie Ryan, an tUas. Vicki Somers, an tUas. Mike Watts agus an tUas. Maureen Windle.